## Deimhniú d'oibrí iompair idirnáisiúnta

## Le húsáid ag oibrithe in earnáil an iompair le haghaidh rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha tráth a athbhunófar iad mar gheall ar cheist na sláinte poiblí

Aon duine atá ag obair ar bord modha iompair a iompraíonn earraí nó paisinéirí, go háirithe an tiománaí; aon duine atá ag aistriú go dtí an áit ina bhfuil an modh iompair, ar a dtosóidh sé a chuid oibre, lonnaithe; nó aon duine eile atá ag obair in earnáil an iompair, féadfaidh sé an deimhniú a úsáid [1].

Más trasnú teorainneacha inmheánacha an Aontais atá i gceist, measfar gur oibrí iompair idirnáisiúnta é sealbhóir an deimhnithe.

I gcás inar fostaí gnóthais iompair é an t-oibrí, beidh an deimhniú sínithe go cuí ag an bhfostóir, nó ag an oibrí ina cháil mar bhainisteoir ar an ngnóthas iompair ag a bhfuil sé féinfhostaithe.

Ag an rialú teorann aithneofar an deimhniú mar fhianaise bhailí gur oibrí iompair idirnáisiúnta atá sa duine.

Chun críoch an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha an Aontais, níor cheart a iarraidh ar oibrithe iompair ag a bhfuil an deimhniú (samhail thíos) á úsáid aon doiciméad eile a thaispeáint seachas a n-aitheantas pearsanta chun fianaise a sholáthar gur oibrithe iompair idirnáisiúnta iad.

Nuair a chuirfear deireadh leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha, níor cheart fiacha a bheith ar oibrithe iompair a thaispeáint ach doiciméid dá bhforáiltear le reachtaíocht an Aontais chun a ngníomhaíocht a dhéanamh.

Ba cheart a mheas gur leor leagan leictreonach nó priontáilte an deimhnithe.

(1) *Cumhdaítear píolótaí aerlínte, baill d'aerchriú, agus maraithe, faoi phointí 5.2 agus 5.3 den Lámhleabhar*

| | **Deimhniú d'Oibrí Iompair Idirnáisiúnta** |
|---|---|

**Dearbhaítear leis seo go ndéanann an duine:**

Ainm agus sloinne:

Dáta breithe:

Cónaí:

**gníomhaíochtaí in iompar idirnáisiúnta mar** *

☐ thiománaí feithicle saothair éadroim, lena n-áirítear feithicil tráchtála éadrom, gluaisteán nó gluaisrothar

☐ thiománaí feithicle earraí troma
☐ thiománaí bus/cóiste
☐ thiománaí traenach
☐ bhall d'fhoireann traenach
☐ chigire carráiste
☐ mháistir báid ar shoitheach loingseoireachta intíre
☐ bhall d'fhoireann soithigh loingseoireachta intíre

☐ thiománaí feithicle, ina bhfuil suas le naonúr, a iompraíonn ceann de na catagóirí daoine thuasluaite, ar fostaí é de chuid an fhostóra chéanna agus a thugann iad chuig an ionad oibre nó ón ionad oibre, agus a dhéanann turais fholmha bainteach le hiompar den sórt sin

☐ oibrí iompair eile; sonraigh, le do thoil:

** Marcáil le cros*

**Áit, dáta:**

**Don chuideachta/oifig/eagraíocht** *(Ainm agus síniú):*